
Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Stair na hArdteistiméireachta

Ré Nua




Sonraíocht Churaclaim le hagahidh Stair na hArdteistiméireachta


Céim 1: Téigh go Oide.ie, Iar-bhunscoil agus cliceáil ar Stair sa tSraith Shinearach




Céim 2: Cliceáil “Príomhdhoiciméid”




Céim 3: Cliceáil ar an gcéad rogha agus is sin an Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta




Seisiúin an lae inniu



Seisiún 1:
An Réasúnaíocht, na Spriocanna, agus Snáithe 1, ‘Fiosrúchán Stairiúil'



Seisiún 2:
Forléargas ar Shnáithe 2 ‘Mionstaidéir ar fhoinsí’ agus Plé ar chuir chuige i leith Shnáithe 3, mar atá 'Éire'



Seisiún 3:
Snáithe 4 'An Domhan’ a Fhiosrú

Príomh-dhátaí 2026 - 2029

Oide

Meán Fómhair 2026 – an tSonraíocht le seoladh **(NCCA)**

EFG tacaíochta 1 *Oide* 2026/27

Téarma 1 26/27 Treoirlínte maidir le CMB **(NCCA)**

EFG tacaíochta 2 *Oide* 2027/28

Téarma 2 26/27 Fiosrúcháin as Snáithe 2 le foilsiú **(DEY)**

EFG tacaíochta ar líne Oide (2027)

Téarma 2 26/27 Scrúdpháipéir Shamplacha (SEC)

EFG tacaíochta ar líne Oide (2027)

Meán Fómhair 2027: An chéad grúpa 5ú bliain

Téarma 1 Coimre Shamplach CMB

Téarma 2 Coimre Bheo CMB (SEC)

EFG tacaíochta 2 Oide 2027/28


Téarma 3 28/29 CMB curtha isteach (SEC)

EFG tacaíochta 3 Oide 2028/29

Meitheamh 2029 Scrúdúchán Stáit Scríofa (SEC)

Príomhdhoiciméid agus tacaíochtaí

Oide



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Seisiún 1

Tús Eolais ar Stair na hArdteistiméireachta,An Réasúnaíocht, na Spriocanna, agus Snáithe 1, ‘Fiosrúchán Stairiúil'




















Fócas an tseisiúin




Forléargas ar an réasúnaíocht agus spriocanna na sonraíochta nua



Cuimhnigh ar chuir chuige i leith Shnáithe 1: Fiosrú Stairiúil

Forléargas ar shonraíocht na Staire

- Meán Fómhair 2027
- Íoslíon de 180 uair thréimhse teagmhála an ranga
- An Gnáthleibhéal & an tArdleibhéal
- An Chéad Scrúdúchán Ardteistiméireachta i Meitheamh 2029
- Measúnú: Scrúdú Scríofa (60%) agus Tuarascáil ar an staidéar taighde (40%)



Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis

Oide

- Déanfaidh na scoláirí a gcuid smaointe a choincheapú mar fhreagairt ar threoir.
- Forbróidh na scoláirí píosa taighde stairiúil aonair mar fhreagairt ar threoir chomónta.
- Cuirfear an tuairisc dheiridh mar fhreagairt ar an treoir faoi bhráid CSS sa séú bliain.
- Treoirlínte chun Tacú le Tuairisc an Staidéir Taighde, tugtar treoir ar réimse ábhar a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a eagrú, a chur i bhfeidhm agus le maoirseacht a dhéanamh uirthi.

Sonraíocht Churaclaim le haghaigh Stair na hArdteistiméireachta lch. 24

Téarma 1 26/27
Treoirlínte maidir le CMB **(NCCA)**

EFG tacaíochta 1 *Oide* 2026/27

Téarma 1 27/28
Coimre Shamplach CMB

EFG tacaíochta 2 *Oide* 2027/28


Meán Fómhair 2027:
An chéad grúpa 5ú bliain


Téarma 2 27/28
Coimre Bheo CMB (SEC)


Téarma 3 28/29
CMB curtha isteach (SEC)


Contanam Foghlama

Oide









Aistear

Curaclam na Bunscoile

An tSraith Shóisearach

An tSraith Shinsearach

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach

Oide



Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach





Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Réasúnaíocht agus Aidhmeanna

Léigh an réasúnaíocht agus spriocanna atá ar leathanaigh 4 agus 5 na sonraíochta i d'aonair.

Cad é an rud is mó fiúntas do do scoláirí staire?

Réasúnaíocht

Tugann an stair deis do scoláirí an t-am atá thart a fhiosrú. Bíonn ról nach beag ag oideachas staire i dtaobh cuidiú le scoláirí fiosrú a dhéanamh ar a gcuid féiniúlachtaí iomadúla, mar dhaoine aonair agus mar chuid de phobal coiteann ag a bhfuil eispéiris stairiúla chomhroinnte araon. Cothaíonn sé tuiscint i measc na scoláirí ar a n-oidhreacht féin agus muintearas sa domhan mór.

Cuidíonn staidéar na staire lenár gcomhfhiosacht stairiúil agus lenár n-eolas a fhorbairt, rud a chuireann ar ár gcumas sinn féin a shuí in imeacht ama agus ár n-eispéiris a chur i gcomhthéacs níos leithne thaithí an duine. Nuair a bhímid comhfhiosach faoin stair athraítear an bealach a bhféachaimid ar an domhan agus ár n-áit sa domhan. Trí staidéar a dhéanamh ar eispéiris daoine ó raon grúpaí cultúrtha agus eitneachtaí, forbraíonn scoláirí tuiscint níos ionchuimsithí orthu féin agus ar dhaoine eile agus ar an gcaoi ar mhúnlaigh imeachtaí agus próisis stairiúla éagsúla an t-am i láthair.

Cuidíonn staidéar na staire le scoláirí tuiscint a fháil ar na fórsaí stairiúla a mhúnlaigh imeachtaí agus próisis. Trí fhiosrú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil, foghlaimíonn scoláirí chun fiosrúcháin a chur le chéile faoin am atá thart, tuairimí éagsúla a chuirtear in iúl i ndoiciméid a cheistiú, feiniméin stairiúla ó pheirspictíochtaí éagsúla a scrúdú, a mothú ar chomhbhá stairiúil a fhorbairt, agus a gcomhfhiosacht stairiúil a dhoimhniú. Ligeann staidéar na staire do scoláirí dul i ngleic leis an am atá thart ó dhearcadh leathan a théann thar ordlathais gheografacha, ama nó chultúrtha. Tríd an méid sin a dhéanamh, bíonn na scoláirí níos ullmhaithe chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil imeachtaí agus próisis an athraithe i gcomhthéacsanna áitiúla, Éireannacha, Eorpacha agus domhanda fite fuaite ina chéile. Leis an gcur chuige sin, ní hamháin go dtugtar de chumhacht do scoláirí léirthuiscint a bheith acu do ról na staire maidir le féiniúlachtaí aonair agus comhchoiteanna a mhúnlú ach tugtar de chumhacht dóibh freisin a bheith ina saoránaigh eolasacha.

Trí thuiscint a fháil ar dhisciplín na staire, lena n-áirítear coincheapa amhail an chroineolaíocht, cúis agus iarmhairt, athrú agus leanúnachas, tábhacht stairiúil agus comhbhá stairiúil, forbraíonn scoláirí a scileanna smaointeoireachta criticiúla. Tacaíonn scileanna den sórt sin le scoláirí cuntais ar an am a chuaigh thart a cheistiú agus an dearcadh a chuirtear in iúl i ndoiciméid éagsúla a aithint ó sheasamh neodrachta agus oibiachtúlachta. Ar a bharr sin, cuireann staidéar na staire spás ar fáil do scoláirí chun fiosrú a dhéanamh ar shaincheisteanna conspóideacha, corraitheacha agus íogaire, rud a éascaíonn díospóireachtaí ina dtugtar meas do thuairimí éagsúla atá bunaithe ar fhianaise agus ina spreagtar breithniú tuisceanach ar théamaí agus ar shaincheisteanna casta stairiúla.

Trí scileanna litearthachta stairiúla a fhorbairt, tacaítear le scoláirí foinsí fianaise faoin am atá thart a scrúdú agus a mheasúnú go criticiúil agus a thuiscint gur réimse fiosrúcháin í an stair lena mbaineann breithiúnais stairiúla a fhorbairt bunaithe ar bhreithniú, léirmhíniú agus anailís ar an bhfianaise atá ar fáil. Ach béim a chur ar scileanna staire, cuir i gcás meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí – idir fhoinsí príomhúla agus fhoinsí tánaisteacha – cuirtear ar chumas na scoláirí dearcthaí eolacha a chothú ar shaincheisteanna casta. Baineann an próiseas sin le fiosrú mionchúiseach ar an stair, lenar féidir inniúlacht a chothú chun ceisteanna ábhartha a chur faoi chúisíocht, iarmhairt agus tábhacht.

Cuidíonn staidéar na staire trí ghnéithe éagsúla, cosúil le peirspictíochtaí polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, leis na scoláirí tuiscint a fháil ar chastachtaí thaithí an duine. Ach scrúdú a dhéanamh ar ghuthanna agus dearcthaí difriúla, forbraíonn na scoláirí léirthuiscint fheasach do thaithí chomhroinnte an duine. Dá réir sin, fágtar go gcuirtear ceisteanna ar an bhfáth ar thit cúrsaí amach san am atá caite mar a tharla, agus an ábharthacht a bhaineann leis sin i gcónaí san am i láthair agus amach anseo.

Aidhmeanna

Déanfaidh na scoláirí fiosrú ar an stair ar bhealach a chothaíonn tuiscint agus eolas fairsing ar imeachtaí san am atá thart agus a chuireann ar a gcumas comhbhá agus scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt.

Tá sé mar aidhm ag Stair na hArdteistiméireachta an chumhacht a thabhairt do scoláirí:

- taithí a fháil ar an sásamh agus ar an gcumhachtú a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an am atá thart
- tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann athrú i bhfeidhm ar ghnéithe éagsúla den saol agus ar an gcaoi a dtuigtear athrú níos fearr go ginearálta mar phróiseas seachas mar imeacht
- smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna taighde a neartú trí aitheantas a thabhairt don chaoi a gcruthaítear, a roghnaítear agus a múnlaítear fianaise stairiúil, agus trína thuiscint go léiríonn foinsí na peirspictíochtaí agus na comhthéacsanna inar táirgeadh iad
- an t-am atá caite a fhiosrú trí ghnéithe éagsúla chun idirnascacht imeachtaí agus gluaiseachtaí stairiúla a thuiscint
- tuiscint a fháil gur nithe iad insintí stairiúla atá curtha le chéile agus gur minic a chuirtear ina n-éadan, rud a spreagann na scoláirí chun fiosrú a dhéanamh ar dhearcthaí iomadúla agus léirmhínithe éagsúla ar imeachtaí, próisis, saincheisteanna agus téamaí stairiúla
- teacht chun bheith ina saoránaigh fheasacha, fhiosracha agus ghníomhacha a bhfuil na huirlisí cearta acu chun an t-am atá thart a léirmhíniú, dul i ngleic leis an am i láthair, agus an todhchaí a mhúnlú
- léirthuiscint a bheith acu d'ionchur grúpaí cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha maidir le sochaithe a mhúnlú le himeacht aimsire, agus an doimhneacht agus an leanúnachas a bhaineann le taithí an duine a aithint.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Oide

Forléargas ar shonraíocht na Staire

Snáithe 1	Snáithe 2	Snáithe 3	Snáithe 4
Fiosrúchán Stairiúil	**Mionstaidéir ar Fhoinsí**	**Éire** **1879 - 2009**	**An Domhan** **1917 - 2009**
Fianaise a Bhailiú	An Mheánaois	Rogha 1: 1879 - 1918	Rogha 1: 1917 - 1945
Anailís	An Nua-Aois Luath	Rogha 2: 1918 - 1966	Rogha 2: 1945 - 1979
Léirmhíniú	An 19ú hAois	Rogha 3: 1966 - 2009	Rogha 3: 1979 - 2009
Sintéis agus Cumarsáid	An 20ú hAois ar aghaidh	Roghnaíonn na scoláirí **rogha amháin** ón snáithe seo	Roghnaíonn na scoláirí **rogha amháin** ón snáithe seo
Téann na scoláirí i ngleic le **gach** gné den snáithe seo	Téann na scoláirí i ngleic le **gach** mionstaidéar atá leagtha síos sa snáithe seo		

Struchtúr Shonraíocht Staire

Is iad ‘Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas’ na nithe a bheidh os comhair na scoláirí, a fhiosróidh siad agus a thuigfih le linn an n-aistir foghlama.



Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
Fianaise a Bhailiú • Aitheantas a thabhairt don áit ar féidir teacht ar ábhar bunaidh príomhúil a bhaineann lena bhfiosrúcháin, lena n-áirítear stórtha amhail leabharlanna, cartlanna, músaeim, bunachair sonraí, agus acmhainní ar líne, srl. • Bunábhar príomhúil a bhaineann lena gcuid taighde a aimsiú trí chineálacha agus formáidí éagsúla d’ábhar bunaidh a shainaithint. • Teicnící taighde staire chun sonraí stairiúla a aimsiú, tagairt a dhéanamh dóibh agus iad a chros-seiceáil.	1.1. Ceist taighde a fhorbairt chun fiosrúchán stairiúil a threorú. 1.2. Ábhar bunaidh agus acmhainní ábhartha a aimsiú agus a roghnú agus stórtha iomchuí a shainaithint. 1.3. Dúshláin a shainaithint maidir le foinsí príomhúla agus tánaisteacha a aimsiú.

Sonraíocht Churaclaim le haghaigh Stair na hArdteistiméireachta lch. 14

Is iad ‘Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí’

na nithe a dhéanfaidh scoláirí go gníomhach leis an eolas sin chun a dtuiscint agus a gcumas a léiriú.

Struchtúr Shonraíocht Staire

Oide

Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Aimsigh	An stór iomchuí le haghaidh ábhar bunaidh a shainaithint; eolas stairiúil a aimsiú laistigh de théacs/foinse, agus foinsí príomhúla agus tánaisteacha á n-úsáid.
Aithin	Foinsí a bhfuarthas rochtain orthu mar chuid den fhiosrúchán nó den mhionstaidéar a aithint agus creidiúint chuí a thabhairt dóibh. Áirítear leis sin aitheantas a thabhairt d'fhoinsí príomhúla agus tánaisteacha, d'fheidhmchláir nó do bhunachair sonraí a úsáideadh nó a bhfuarthas rochtain orthu mar chuid den phróiseas taighde.
Anailísigh	Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí nó meastóireacht a dhéanamh bunaithe ar scrúdú na fianaise.
Bain feidhm as	Úsáid nó feidhm a bhaint as rud chun fianaise a thabhairt ar thuiscint choincheapúil.
Cuir i bhfeidhm	Feidhm nó úsáid a bhaint as rud chun tasc a dhéanamh.
Cuir in iúl	Smaointe a chur in iúl go soiléir agus go héifeachtach, i scríbhinn, i gcaint nó i bhfoirmeacha eile do lucht féachana chun críche ar leith.
Cuir le chéile	Argóint, míniú nó insint a chruthú nó a fhorbairt bunaithe ar fhianaise.
Déan comparáid/ codarsnacht	Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí/difríochtaí idir dhá fhoinse nó pheirspictíocht (nó níos mó).

Sonraíocht Churaclaim le haghaigh Stair na hArdteistiméireachta lch. 28

Struchtúr Shonraíocht Staire

Aguisín 2: Gluais téarmaí

Coincheap/ téarma	Tuiscint
Áitiúil	In aice láimhe nó ceangailte le ceantar beag ar leith, cuir i gcás baile, pobal nó réigiún.
Beartas sóisialta	Na pleananna agus na gníomhartha a dhéanann rialtas chun saol agus folláine na ndaoine a chur chun feabhais, go háirithe i réimsí cosúil le sláinte, oideachas, tithíocht, leas agus fostaíocht.
Céimlathais chultúrtha	Cleachtais, luachanna agus creidimh chultúrtha a chur in ord laistigh de shochaí.
Ceist taighde	Is éard atá i gceist le ceist taighde ná ráiteas ceisteach a threoraíonn fiosrúchán taighdeora. D'fhéadfadh an taighdeoir tosú amach le go leor ceisteanna faoina dtopaic ach, le himeacht ama, cuirfidh siad bailchríoch ar na ceisteanna sin agus déanfaidh siad iad a leasú go dtí go dtiocfaidh siad ar cheist amháin a chuimseoidh réimse iomlán a bhfiosrúcháin agus faoina bhféadfadh sraith focheisteanna agus topaicí a bheith suite lena n-iniúchadh. Is próiseas atriallach é ceist taighde a fhorbairt agus tá sé nádúrtha agus dearfach ceist taighde duine a leasú nuair a thagann fianaise nua chun cinn má athraíonn sí ár dtuiscint nó ár mbraistint ar an topaic nó ar na himeachtaí atá i gceist.
Coincheapa stairiúla	Smaointe agus creatlacha bunúsacha a chuireann bonn eolais faoin smaointeoireacht stairiúil agus a chothaíonn an cineál smaointeoireachta sin. Áirítear ar shamplaí tábhacht stairiúil, leanúnachas agus athrú, cúis agus iarmhairt, agus dearcthaí stairiúla.
Comhbhá stairiúil	Meon chun meastóireacht agus machnamh a dhéanamh ar na smaointe, siocracha agus gníomhartha a bhí ag daoine san am atá thart i gcomhthéacs an domhain agus na ré inar mhair siad.
Comhfhiosacht faoin stair	Modh smaointeoireachta a chuireann ar chumas daoine iad féin a shuí in am, agus an t-am atá caite, i láthair agus amach anseo á thabhairt le chéile i gcaidreamh a ligeann dóibh a gcuid eispéireas a chur i gcreatlach níos leithne de thaithí an duine.
Cruatan sóisialta	Tagraíonn cruatan sóisialta don bhochtaineacht uirbeach, díothacht tuaithe, géarchéim thithíochta agus eisimirce ard a bhain do mhuintir na hÉireann ag tús an 20ú haois.
Doiciméad (ainmfhocal)	Is éard is doiciméad ann ná píosa téacs scríofa nó chlóite d'aon fhad. Sa scoláireacht stairiúil, úsáidtear an téarma go hidirmhalartaithe uaireanta le 'foinse' agus is féidir é a úsáid chun tagairt a dhéanamh d'fhianaise i bhformáidí seachas fianaise théacsúil.
Feiniméin chultúrtha	Imeacht nó treocht inbhraite a mbíonn tionchar mór aige ar an tsochaí, a théann i bhfeidhm ar chreidimh agus léirithe ealaíonta.

Sonraíocht Churaclaim le haghaigh Stair na hArdteistiméireachta lch. 29

Briathra Gnímh

Oide

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

Fianaise a Bhailiú

- Aitheantas a thabhairt don áit ar féidir teacht ar ábhar bunaidh príomhúil a bhaineann lena bhfiosrúcháin, lena n-áirítear stórtha amhail leabharlanna, cartlanna, músaeim, bunachair sonraí, agus acmhainní ar líne, srl.
- Bunábhar príomhúil a bhaineann lena gcuid taighde a aimsiú trí chineálacha agus formáidí éagsúla d'ábhar bunaidh a shainaithint.
- Teicnící taighde staire chun sonraí stairiúla a aimsiú, tagairt a dhéanamh dóibh agus iad a chros-seiceáil.

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

1.1. Ceist taighde fhorbairt chun fiosrúchán stairiúil a threorú.

1.2. Ábhar bunaidh agus acmhainní ábhartha a aimsiú agus a roghnú agus stórtha iomchuí a shainaithint.

1.3. Dúshláin a shainaithint maidir le foinsí príomhúla agus tánaisteacha a aimsiú.

Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Aimsigh	An stór iomchuí le haghaidh ábhar bunaidh a shainaithint; eolas stairiúil a aimsiú laistigh de théacs/foinse, agus foinsí príomhúla agus tánaisteacha á n-úsáid.
Aithin	Foinsí a bhfuarthas rochtain orthu mar chuid den fhiosrúchán nó den mhionstaidéar a aithint agus creidiúint chuí a thabhairt dóibh. Áirítear leis sin aitheantas a thabhairt d'fhoinsí príomhúla agus tánaisteacha, d'fheidhmchláir nó do bhunachair sonraí a úsáideadh nó a bhfuarthas rochtain orthu mar chuid den phróiseas taighde.
Anailísigh	Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí nó meastóireacht a dhéanamh bunaithe ar scrúdú na fianaise.
Bain feidhm as	Úsáid nó feidhm a bhaint as rud chun fianaise a thabhairt ar thuiscint choincheapúil.
Cuir i bhfeidhm	Feidhm nó úsáid a bhaint as rud chun tasc a dhéanamh.
Cuir in iúl	Smaointe a chur in iúl go soiléir agus go héifeachtach, i scríbhinn, i gcaint nó i bhfoirmeacha eile do lucht féachana chun críche ar leith.
Cuir le chéile	Argóint, míniú nó insint a chruthú nó a fhorbairt bunaithe ar fhianaise.
Déan comparáid/ codarsnacht	Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí/difríochtaí idir dhá fhoinse nó pheirspictíocht (nó níos mó).
Fiosraigh	Breathnú, ceistiú, cíoradh, staidéar a dhéanamh, d'fhonn fíricí a shuí, peirspictíochtaí a thuiscint, torthaí a nochtadh, naisc a dhéanamh, nó cur síos a dhéanamh ar thuairim nó ar sheasamh.
Forbair	Smaoineamh nó coincheap a fhorbairt agus a bheachtú le haghaidh obair phleanáilte. I gcás ceist taighde, d'fhéadfadh focheisteanna a bheith i gceist leis sin a mbeidh fócas amháin don fhiosrúchán mar thoradh orthu.

Forbair :
'Smaoineamh nó coincheap a fhorbairt agus a bheachtú le haghaidh obair phleanáilte. I gcás ceist taighde, d'fhéadfadh focheisteanna a bheith i gceist leis sin a mbeidh fócas amháin don fhiosrúchán mar thoradh orthu.'

Sonraíocht Churaclaim le haghaigh Stair na hArdteistiméireachta :Gluais de bhriathra gnímh lch. 28

Torthaí foghlama ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal

Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
Téann scoláirí i ngleic le raon leathan eolais, agus é nithiúil den chuid is mó, ach a mbíonn gnéithe éigin den teibiú nó de theoiric ag baint leis freisin. Léiríonn agus úsáideann na scoláirí raon measartha de scileanna agus uirlisí cognaíocha chun smaointe a scrúdú, a iniúchadh agus a shintéisiú. Úsáideann na scoláirí fianaise chun insintí faoin am atá thart a chur le chéile. Forbraíonn na scoláirí scileanna staire agus baineann siad úsáid as fianaise agus sonraí le torthaí a chur in iúl agus le tátail a bhaint i dtaca le ceisteanna a chuir siad féin agus cinn a chuir daoine eile.	Téann na scoláirí i ngleic le raon leathan eolais, lena n-áirítear coincheapa teoiriciúla agus smaointeoireacht theibí, le doimhneacht shuntasach i roinnt réimsí. Léiríonn agus úsáideann na scoláirí raon leathan de scileanna speisialaithe chun smaointe a scrúdú, a iniúchadh agus a shintéisiú. Úsáideann na scoláirí fianaise chun insintí stairiúla a fhorbairt, chun cuntais a fuarthas san am atá thart a cheistiú agus chun breithiúnais a thabhairt faoi dhaoine, imeachtaí, saincheisteanna agus téamaí bunaithe ar fhianaise. Forbraíonn, léiríonn, agus úsáideann na scoláirí scileanna staire agus baineann siad úsáid as fianaise agus sonraí cuí le torthaí a chur in iúl go héifeachtach agus le tátail bhailí a bhaint i dtaca le ceisteanna a chuir siad féin agus cinn a chuir daoine eile.

Tábla 2: Dearadh na dtorthaí foghlama ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal lch. 13

Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil

- Tacaíonn an snáithe seo leis na scoláirí an tuiscint choincheapúil atá lárnach do dhisciplín na staire a fháil agus a fhorbairt..
- Leagtar amach sa snáithe na croí-mhodheolaíochtaí iniúchta agus léirmhínithe a mbainfidh na scoláirí leas astu le linn dóibh dul i ngleic leis an tsonraíocht seo.
- Ina theannta sin, léireoidh siad na scileanna sin trína gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (Tuairisc Staidéir Taighde) a chur i gcrích.
- Forbróidh na scoláirí na scileanna, na hinniúlachtaí agus na meonta sin agus iad i mbun foghlama sa snáithe seo agus trí na scileanna sin a chur i bhfeidhm i snáitheanna 2, 3 agus 4.

Snáithe 1
Fiosrúchán Stairiúil
Fianaise a Bhailiú
Anailís
Léirmhíniú
Sintéis agus Cumarsáid

Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta



Cad iad na foinsí a úsáideann tú a spreagann suim na scoláire sa Stair?

Cliceáil chun breathnú

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cuir chuige i leith Fiosrú Stairiúil a Roinnt

Oide

Sa ghrúpa agat, roinn na gnéithe den fhiosrú stairiúil oraibh.

I d'aonair, cuimhnigh ar na deiseanna i do sheomra ranga chun beocht a chur i scileanna an staraithe leis an snáithe sin.

Roinn do chuid smaointe leis an ngrúpa agat.

Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil	
Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	**Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí**
Fianaise a Bhailiú • Aitheantas a thabhairt don áit ar féidir teacht ar ábhar bunaidh príomhúil a bhaineann lena bhfiosrúcháin, lena n-áirítear stórtha amhail leabharlanna, cartlanna, músaeim, bunachair sonraí, agus acmhainní ar líne, srl. • Bunábhar príomhúil a bhaineann lena gcuid taighde a aimsiú trí chineálacha agus formáidí éagsúla d'ábhar bunaidh a shainaithint. • Teicnící taighde staire chun sonraí stairiúla a aimsiú, tagairt a dhéanamh dóibh agus iad a chros-seiceáil.	**1.1** Ceist taighde a fhorbairt chun fiosrúchán stairiúil a threorú. **1.2** Ábhar bunaidh agus acmhainní ábhartha a aimsiú agus a roghnú agus stórtha iomchuí a shain aithint **1.3** Dúshláin a shainaithint maidir le foinsí príomhúla agus tánaisteacha a aimsiú.
Anailís • Ceisteanna a chur i leith foinsí agus foinsí a mheas; 'cén duine, cá háit, cén uair, céard agus cén fáth' a dhéanamh amach le haghaidh ábhar bunaidh ar bith. • Anailís stairiúil: an chaoi a meastar foinsí chun a stair, luach, iontaofacht agus úsáidí a dhéanamh amach. • Claonadh, roghnaíocht, oibiachtúlacht agus suibiachtúlacht i ndáil le hanailís ar fhianaise. • Foinsí stairiúla a shuí ina gcomhthéacs. • Dearcthaí foinsí éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht laistigh den staidéar ar imeachtaí stairiúla ar leith.	**1.4.** Faisnéis laistigh d'ábhar bunaidh atá ábhartha dá bhfiosrúchán a shainaithint. **1.5** Meastóireacht a dhéanamh ar ábhar bunaidh trí phróiseas na hanailíse stairiúla. **1.6** A bhfoinsí a shuíomh laistigh de chomhthéacsanna, imeachtaí, smaointe agus próisis stairiúla níos leithne. **1.7** Anailís a dhéanamh ar luach agus/nó ar theorainneacha foinsí príomhúla agus tánaisteacha é agsúla i ndáil lena bhfiosrúchán. **1.8** Úsáid a bhaint as fianaise chun a gceist taighde a iniúchadh.
Léirmhíniú • Foinsí tánaisteacha a léamh, cuir i gcás téacsleabhair, beathaisnéisí, ailt irise, cláir faisnéise, podchraoltaí, srl. • Teacht ar léirmhínithe difriúla ar na himeachtaí ceannanna céanna bunaithe ar chomhthéacs, dearcadh nó idé eolaíocht. • Tuiscint a fháil ar léirmhínithe difriúla ar na himeachtaí/ próisis stairiúla chéanna. • Coincheapa ar nós foinse agus fianaise; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; tábhacht stairiúil; comhbhá stairiúil. • An chaoi le feidhm a bhaint as foinsí tánaisteacha chun tacú le maímh, dearbhuithe agus argóintí.	**1.9** Fiosrú a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil léirmhínithe stairiúla neamhiomlán agus sealadach ag us an fáth a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint le heasnamh. **1.10** Comparáid a dhéanamh idir foinsí éagsúla príomhúla agus/nó tánaisteacha mar chuid dá bhfiosrúchán. **1.11** Úsáid a bhaint as coincheapa atá mar bhonn agus mar thaca ag disciplín na staire a bhaineann lena bhfiosrúchán.
Sintéis agus Cumarsáid • Freagairtí stuama ar fhiosrúchán stairiúil a fhorbairt. • Smaointe a chur i láthair go héifeachtach. • Tagairt a dhéanamh d'fhoinsí agus iad a lua.	**1.12** Smaointe a eascraíonn as a bhfiosrúchán stairiúil a shintéisiú. **1.13** Insintí agus argóintí fianaisebhunaithe a chur i dtoll a chéile ach úsáid a bhaint as an ábhar bunaidha ndearna siad iniúchadh air. **1.14** Argóintí tomhaiste a chur in iúl mar fhreagairt ar fhiosrúchán stairiúil agus iad a roinnt lena gcomhscoláirí. **1.15** Foinsí a admháil ach úsáid a bhaint as gnásanna cuí maidir le foinsí a lua.


Cuir chuige i leith Fiosrú Stairiúil a Roinnt

Stair na hArdteistiméireachta: Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil

Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil	
Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	**Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí**
Fianaise a Bhailiú • Aitheantas a thabhairt don áit ar féidir teacht ar ábhar bunaidh príomhúil a bhaineann lena bhfiosrúcháin, lena n-áirítear stórtha amhail leabharlanna, cartlanna, músaeim, bunachair sonraí, agus acmhainní ar líne, srl. • Bunábhar príomhúil a bhaineann lena gcuid taighde a aimsiú trí chineálacha agus formáidí éagsúla d'ábhar bunaidh a shainaithint. • Teicnící taighde staire chun sonraí stairiúla a aimsiú, tagairt a dhéanamh dóibh agus iad a chros-seiceáil.	**1.1** Ceist taighde a fhorbairt chun fiosrúchán stairiúil a threorú. **1.2** Ábhar bunaidh agus acmhainní ábhartha a aimsiú agus a roghnú agus stórtha iomchuí a shainaithint. **1.3** Dúshláin a shainaithint maidir le foinsí príomhúla agus tánaisteacha a aimsiú.
Anailís • Ceisteanna a chur i leith foinsí agus foinsí a mheas; 'cén duine, cá háit, cén uair, céard agus cén fáth' a dhéanamh amach le haghaidh ábhar bunaidh ar bith. • Anailís stairiúil: an chaoi a meastar foinsí chun a stair, luach, iontaofacht agus úsáidí a dhéanamh amach. • Claonadh, roghnaíocht, oibiachtúlacht agus suibiachtúlacht i ndáil le hanailís ar fhianaise. • Foinsí stairiúla a shuí ina gcomhthéacs. • Dearcthaí foinsí éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht laistigh den staidéar ar imeachtaí stairiúla ar leith.	**1.4.** Faisnéis laistigh d'ábhar bunaidh atá ábhartha dá bhfiosrúchán a shainaithint. **1.5** Meastóireacht a dhéanamh ar ábhar bunaidh trí phróiseas na hanailíse stairiúla. **1.6** A bhfoinsí a shuíomh laistigh de chomhthéacsanna, imeachtaí, smaointe agus próisis stairiúla níos leithne. **1.7** Anailís a dhéanamh ar luach agus/nó ar theorainneacha foinsí príomhúla agus tánaisteacha éagsúla i ndáil lena bhfiosrúchán. **1.8** Úsáid a bhaint as fianaise chun a gceist taighde a iniúchadh.
Léirmhíniú • Foinsí tánaisteacha a léamh, cuir i gcás téacsleabhair, beathaisnéisí, ailt irise, cláir faisnéise, podchraoltaí, srl. • Teacht ar léirmhínithe difriúla ar na himeachtaí ceannanna céanna bunaithe ar chomhthéacs, dearcadh nó idé eolaíocht. • Tuiscint a fháil ar léirmhínithe difriúla ar na himeachtaí/ próisis stairiúla chéanna. • Coincheapa ar nós foinse agus fianaise; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; tábhacht stairiúil; comhbhá stairiúil. • An chaoi le feidhm a bhaint as foinsí tánaisteacha chun tacú le maímh, dearbhuithe agus argóintí.	**1.9** Fiosrú a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil léirmhínithe stairiúla neamhiomlán agus sealadach agus an fáth a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint le heasnamh. **1.10** Comparáid a dhéanamh idir foinsí éagsúla príomhúla agus/nó tánaisteacha mar chuid dá bhfiosrúchán. **1.11** Úsáid a bhaint as coincheapa atá mar bhonn agus mar thaca ag disciplín na staire a bhaineann lena bhfiosrúchán.
Sintéis agus Cumarsáid • Freagairtí stuama ar fhiosrúchán stairiúil a fhorbairt. • Smaointe a chur i láthair go héifeachtach. • Tagairt a dhéanamh d'fhoinsí agus iad a lua.	**1.12** Smaointe a eascraíonn as a bhfiosrúchán stairiúil a shintéisiú. **1.13** Insintí agus argóintí fianaisebhunaithe a chur i dtoll a chéile ach úsáid a bhaint as an ábhar bunaidh a ndearna siad iniúchadh air. **1.14** Argóintí tomhaiste a chur in iúl mar fhreagairt ar fhiosrúchán stairiúil agus iad a roinnt lena gcomhscoláirí. **1.15** Foinsí a admháil ach úsáid a bhaint as gnásanna cuí maidir le foinsí a lua.

Acmhainní chun tacú le Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil





Machnamh

Cuimhnigh ar an tslí a bhféadfadh na torthaí foghlama ó shnáithe 1 eolas a dhéanamh le haghaidh do chuid mhúinteoireachta i snáithe 2, 3, agus 4.

Cad atá le déanamh ag do rannóg Staire chun pleanáil le haghaidh scoláirí a bheith ag tabhairt faoi Shnáithe 1?

